


Cá bhfuil Aoibheann?

‘Níor cheart a bheith istigh lá breá
mar seo,’ arsa Daidí. ‘Tabharfaidh
mé Aoibheann amach ag siúl.’

 AN GÚM



Áine Ní Shioradáin
Peter Donnelly a mhaisigh

An chéad eagrán 2006

© An Roinn Oideachais agus Eolaíochta / Foras na Gaeilge, 2006

Gach ceart ar cosaint. Ní ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, a chur i gcomhad athhála, ná a tharchur ar aon mhodh ná síf, bíodh sin leictreonach, meicniúil, bunaithe ar fhótóchóipeáil, ar thailéadadh nó eile, gan cead a fháil roimh ré ón bhfoilsitheoir.

Baineann an saothar seo le scéim Dhearthóirí Áiseanna Teagaisc na Roinne Oideachais agus Eolaíochta atá ann chun áiseanna Gaeilge a sholáthar do na bunscoileanna Gaeilachta agus do na bunscoileanna lán-Chaeilge.


Dearthóirí Áiseanna Teagaisc na Gaeilge a scríobh

Dearadh agus leagan amach: Designit

Obair ealaíne: Peter Donnelly

Printset and Design Teo a chlóbhuail in Éirinn

An Gúm, 24-27 Sráid Fhreidric Thuaidh, Baile Átha Cliath 1



Lá breá samhraidh a bhí ann.
'Níor cheart a bheith istigh lá breá
mar seo,' arsa Daidí. 'Tabharfaidh
mé Aoibheann amach ag siúl.'


‘Ach caithfidh tusa fanacht anseo,’
arsa Daidí le Glic.
‘Glic bocht!’ arsa Aoibheann.
‘Ba mhaith leis dul amach ag siúl.’
‘Caithfidh sé fanacht anseo,’
arsa Daidí. ‘Bíonn sé ag troid
le madraí eile.’
‘Bhufi Bhufi’ arsa Glic.



‘Isteach leat sa bhugaí,’ arsa Daidí
le hAoibheann.




Ach ní mó ná sásta a bhí Aoibheann.
‘Ní maith liom an bugaí,’ ar sise
agus thosaigh sí ag béiceadh.



Rug Daidí ar Aoibheann agus chuir
sé isteach sa bhugaí í.

‘Cá bhfuilimid ag dul?’
a d’fhiafraigh Aoibheann
tar éis tamail.
‘Go dtí an siopa,’ arsa Daidí.
‘Caithfidh mé an páipéar
a cheannach.’
Bhí Aoibheann breá sásta nuair
a chuala sí é sin.
‘Is maith liomsa an siopa,’ ar sise.



Nuair a chonaic Aoibheann
na milseáin ar fad thosaigh sí
ag béiceadh arís.

‘Tá milseáin uaim,’ ar sise, ‘ceann
acu sin agus ceann acu sin agus
ceann acu sin!’

‘Ná bac leo sin. Níl siad go maith
duit,’ arsa Daidí agus amach an
doras leo.




‘Cá bhfuilimid ag dul anois?’
a d’fhiafraigh Aoibheann
tar éis tamaill.

‘Ag siúl sa pháirc,’ arsa Daidí.
Bhí Aoibheann breá sásta nuair
a chuala sí é sin.

‘Is maith liomsa an pháirc,’ ar sise.





Nuair a shroich siad an pháirc
scaoil Daidí Aoibheann amach
as an mbugaí.

‘Seo anois. Tabharfaimid bia do na
lachain ar dtús,’ arsa Daidí.



Siúd leo go dtí an loch. Thug

Aoibheann arán do na lachain.

‘Is maith liomsa na lachain,’ ar sise.



Faoin am seo bhí Daidí bocht
tuirseach.

‘Bí ag rith leat ansin,’ ar seisean
le hAoibheann, ‘agus léifidh mise
an páipéar. Maith an cailín.’



Bhí Aoibheann breá sásta léi féin.

Chonaic sí féileacán agus rith sí
ina dhiaidh. Chonaic sí beach agus
rith sí ina diaidh.

‘Is maith liom an pháirc,’
arsa Aoibheann.




Is ansin a chonaic Aoibheann
an madra.

‘A Dhaidí,’ ar sise. ‘Tá Glic anseo.

Tá Glic anseo!’

Ach níor chuála Daidí í. Bhí sé

ag léamh an pháipéir.



‘Tar anseo, a Ghlic,’ arsa Aoibheann
leis an madra. ‘Tar anseo.’

Ach rith an madra uaithe.


Rith Aoibheann ina dhiaidh.

Tar éis tamaill leag Daidí uaidh
an páipéar.

‘A Aoibheann,’ arsa Daidí. ‘Tá sé in
am againn a bheith ag dul abhaile.’
Ach tásc ná tuairisc ní raibh
ar Aoibheann.

‘A Aoibheann!’ ar seisean arís.
Ach tásc ná tuairisc ní raibh
ar Aoibheann.





Léim Daidí ina sheasamh. Bhí
a chroí ina bhéal aige.

‘Cá bhfuil tú, a Aoibheann?

Cá bhfuil tú?’ ar seisean.

Daidí bocht! Rith sé go dtí an loch
agus a chroí ina bhéal aige.



‘Cá bhfuil tú, a Aoibheann?
Cá bhfuil tú?’ ar seisean.



Ach tásc ná tuairisc ní raibh
ar Aoibheann.


Rith Daidí go dtí an fhaiche
imeartha. Bhí a chroí ina bhéal
aige. Ansin chuala sé madra
ag tafann. Chuala sé cailín beag
ag gáire.

‘A Aoibheann!’ arsa Daidí.
‘An tusa atá ansin?’

An tusa atá ansin?

'Is mé,' arsa Aoibheann. 'Agus,
a Dhaidí, fuair mé deartháir nua
do Ghlic! Ceolán an t-ainm atá air.'





‘Ó, a Aoibheann!’ arsa Daidí. ‘Tá tú
slán sábháilte. Buíochas le Dia!’
‘Bhuí! Bhuí!’ arsa Ceolán.